

## Mionionad Uileghnó CBL

Cuirtear sonraí ar fáil uair sa ráithe ar MOSS CBL faoi ghlanluach na n-íocaíochtaí MOSS a dhéanann Ballstáit AE chuig Éirinn agus ó Éirinn, agus faoin táille choinneála a choinníonn Éire/Ballstáit eile.

Luachanna sealadacha iad cuid de na luachanna seo agus féadfaidh siad a bheith faoi réir athbhreithniú amach anseo.

## Cúlra MOSS CBL

Tháinig rialacha nua CBL de chuid an AE i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015, rud a d'athraigh an áit a bhfuil CBL inmhuirir i ndáil le gach soláthar seirbhísí teileachumarsáide, craoltóireachta agus leictreonacha ("TBE") le tomhaltóirí. Tá CBL ar na seirbhísí seo inmhuirir san áit a bhfuil an tomhaltóir lonnaithe seachas san áit a bhfuil an soláthraí lonnaithe.

Mar thoradh ar an athrú, iarrtar ar ghnóthais AE agus neamh-AE clárú agus cuntas a thabhairt i leith CBL i ngach Ballstát ina soláthraíonn siad seirbhísí TBE do thomhaltóirí, é sin nó leas a bhaint as an scéim roghnach speisialta ar a dtugtar an Mionionad Uileghnó (MOSS). Is éard atá in MOSS ná scéim shimplithe trína ligtear do ghnóthas atá i mbun soláthairtí TBE clárú in aon Bhallstát amháin (an Ballstát Aitheantais nó "BSA") chun tuairisceán ráithiúil aonair a thíolacadh agus a dhliteanas CBL a íoc do gach Ballstát trí ardán gréasáin ina rogha BSA. Leis seo, cuirtear ar chumas soláthraithe gan clárú ná cuntas a thabhairt i leith CBL i ngach Ballstát a ndéanann siad soláthairtí TBE leo.

Sa chleachtas, faoin scéim, aon duine atá ina dhuine incháinite agus atá cláraithe le haghaidh MOSS, tá orthu tuairisceán ráithiúla CBL MOSS a thíolacadh go leictreonach lena rogha BSA ina sonraítear soláthairtí seirbhísí TBE le daoine neamh-incháinite i mBallstáit eile (Na Ballstáit chúí tomhaltais nó "BSC"), in éineacht leis an CBL dlite. Déanann an BSA na tuairisceáin seo, in éineacht leis an CBL dlite, a sheachadadh chuig an BSC trí líonra slán cumarsáide. Is tuairisceáin iad tuairisceáin CBL MOSS atá sa bhreis ar na tuairisceáin CBL a thugann duine incháinite dá Bhallstát faoina dhualgais intíre CBL.

Tá dhá scéim mar chuid de MOSS: MOSS Aontais agus MOSS neamh-Aontais:

- Tá an scéim Aontais ann le haghaidh daoine incháinite a bhfuil bunachas acu taobh istigh den Aontas Eorpach (AE), ach atá ag déanamh soláthairtí le Ballstáit nach bhfuil siad bunaithe iontu.
- Tá an scéim neamh-Aontais ann le haghaidh daoine incháinite nach bhfuil aon bhunachas acu taobh istigh den AE.

Faoi rialacha idirthréimhseacha don tréimhse 2015–2018, tugtar foráil go bhféadfaidh an Ballstát clárúcháin céatadán a choinneáil den CBL a bailíodh, ón scéim Aontais, le haghaidh Ballstáit eile, is é sin céatadán coinneála 30% in 2015 agus 2016 agus 15% in 2017 agus 2018. Níl aon táille choinneála ann i ndáil leis an scéim neamh-Aontais.